An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC

Gaelscoil Chill Mhantáin,
An Casadh Meidhreach,
Rath Naoi, Contae Chill Mhantáin
Uimhir rolla: 20045 K

Dáta na cigireachta: 15 Deireadh Fómhair 2010

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

1. Réamhrá

Bunaíodh Gaelscoil Chill Mhantáin i Mí Meán Fómhair 1996. Is ar imeall sráidbhaile Rath Naoi, timpeall míle ó bhaile Chill Mhantáin atá an scoil seo suite. Bhí 222 dalta cláraithe sa scoil ar an 30 Meán Fómhair 2010. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na meastóireachta i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Oibríonn an fhoireann teagaisc ar fad ar bhonn oscailte, díograiseach. Tá raon maith dea-chleachtais le sonrú tríd an scoil. Tá éagsúlacht agus éifeacht ag baint leis na modhanna múinte atá in úsáid ag formhór na n-oidí. Is foireann teagaisc ghairimiúil, inniúil í a chomhoibríonn ar son leas na ndaltaí.
- Cothaíonn an príomhoide atmaisféar comhoibritheach i measc na foirne. Baineann soiléireacht agus cinnteacht leis an bhfís atá aige do thodhchaí na scoile.
- Tá na daltaí dea-bhéasach, cúirtéiseach agus cothaítear nósanna dea-iompair iontu. Ar an iomlán, léiríonn siad suim agus tuiscint mhaith ina gcuid foghlama agus glacann siad páirt ghníomhach sna himeachtaí éagsúla a eagraítear dóibh.
- Tá bord bainistíochta gníomhach, dianshaothrach ag feidhmiú sa scoil. Tacaíonn sé go láidir le riar na scoile. Tá teagmháil á forbairt ag an mbord le pobal na Gaelscoile.
- Fáiltítear go mór roimh rannpháirtíocht agus ionchur na dtuismitheoirí in imeachtaí éagsúla na scoile.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar tuilleadh béime a leagan ar cheannasaíocht churaclaim sa scoil. Is fiú plean straitéiseach a leagan amach d'fhorbairt na bpolasaithe curaclaim. Ba chóir monatóireacht rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na n-ábhar éagsúil ar bhonn céimniúil tríd an scoil agus dea-chleachtas sna hábhair a scaipeadh.
- Moltar cur chuige na scoile maidir le measúnú ar bhonn uile-scoile agus sonraí na straitéisí measúnaithe éagsúla a úsáid go córasach chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.
- Moltar don fhoireann teagaisc comhsheasamhacht sa phleanáil ghearrthréimhseach a chinntiú chun caighdeán foghlama agus gnóthachtála na ndaltaí a dhaingniú.
- Moltar go gclárófaí na míreanna riachtanacha teanga agus an teanga chomhoiriúnach a bhaineann le hábhair éagsúla an churaclaim agus a chur san áireamh i bpleanáil agus sa chleachtas ranga.
- Moltar don bhord bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasaí Iontrála na Scoile, ar an bPolasaí do Dhaltaí le Riachtanais Speisialta agus a chinntiú go gcuirtear Polasaí san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ar fáil.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Oibríonn baill an bhoird bhainistíochta go díograiseach ar son pobal na Gaelscoile. Is iad bun-aidhmeanna an bhoird ná suíomh chóir a aimsiú don scoil agus foirgneamh buan a thógáil. Tá moladh tuillte ag an mbord as an méid tacaíochta a thugtar don phríomhoide agus don fhoireann chun timpeallacht tarraingteach léinn a chruthú, in ainneoin na ndushláin cóiríochta faoi láthair.

- Cinntíonn an bord cumarsáid le baill na foirne teagaisc trí chruinniú bliantúil a reáchtáil leo. Aithnítear an dea-chleachtas seo. Tuairiscítear go mbeidh athrú i gcomhdhéanamh na foirne teagaisc amach anseo. Mar thoradh ar an athrú seo agus ar iarratas an bhoird bhainistíochta, beidh rang príomh-shrutha faoi chúram an phríomhoide riaracháin don chuid eile den scoilbhliain reatha. Moltar don bhord a chinntiú anois go dtugtar gach tacaíocht don phríomhoide agus cúramaí mar cheannaire teagascach á gcomhlíonadh.

- Cuirtear beartais na scoile faoi bhráid an bhoird go rialta. Moltar anois go ndéanfaí athbhreithniú ar Pholasaí Iontrála na Scoile, a chinntiú go gcuirtear Polasaí san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ar fáil agus go ndéanfaí athbhreithniú ar an bPolasaí do Dhaltaí le Riachtanais Speisialta.

- Cothaíonn an príomhoide atmaisféar oscailte sa scoil agus tugann sé faoina chúramaí le fís soiléir. Tá freagrachtaí faoi leith cláraithe do na sealbhóirí poist. Buaileann an fhoireann bhainistíochta inscoile le chéile ar bhonn neamhfhoirmiúil. Oibríonn siad go dúthrachtach ag dearbhú go gcomhlíontar coinníollacha na bhfreagrachtaí go cóir. Moltar anois go gcuirfí tuilleadh béime ar ról an phríomhoide mar cheannaire teagascach agus go ndíreofaí aird sa bhreis ar dhul chun cinn an teagaisc agus na foghlama a stiúradh. Chuige sin, tá sé den tábhacht athbhreithniú a dhéanamh ar dhualgaisí na sealbhóirí poist. Ba chóir go bhfeidhmeodh an príomhoide agus baill éagsúla ón bhfoireann bainistíochta in-scoile i gcomhar lena chéile go foirmiúil mar chomhordaitheoirí churaclaim. Chabhródh sé seo le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm céimniúil, córasach na n-ábhar tríd an scoil.

- Coiméadtar timpeallacht fhisiciúil na scoile go slachtmhar agus tacaíonn an soláthar rúnaíochta go mór le riar éifeachtach sa scoil. Tá raon reasúnta fairsing áiseanna foghlama ar fáil, fearas teicneolaíochta san áireamh, agus baintear dea-úsáid astu chun an fhoghlaim a threisiú. Ar shiúltáin phoiblí na scoile agus i rangsheomraí áirithe, bíonn an prionta Gaeilge le feiceáil go forleathan. Aithnítear an dea-chleachtas seo agus moltar é a leathnú chuig na rangsheomraí go léir. Ar an iomlán, malartaíonn na hoidí go rang-ghrúpa eile ar bhonn rialta.

- Tá cumann tuismitheoirí nua-bhunaithe sa scoil. Le linn an phróisis measúnaithe, léirigh an chuid is mó de na tuismitheoirí go raibh an teagasc go maith sa scoil, go bhfáiltíonn an scoil rompu agus go gcaitheann na hoidí go cothrom lena bpáistí. Cuirtear fáilte roimh ionchur na dtuismitheoiri in imeachtaí éagsúla na scoile agus forbraítear struchtúir éifeachtacha cumarsáide idir na rannpháirtithe.

- Cothaítear dea-nósanna iompair i measc na ndaltaí. Caitheann siad go béasach cairdiúil le cuairteoirí agus léiríonn siad meas ar a chéile. Tugadh le fios le linn an mheasúnaithe go réitíonn an chuid is mó de na daltaí lena chéile agus go raibh siad bródúil as an scoil.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá caighdeán maith ag baint leis an gcáipéisíocht phleanála scoile. Sonraítear plean gnímh cuimsitheach do thosaíochtaí na scoilbhliana seo a thugann treoir bhunúsach d'imeachtaí féinmheastóireachta na scoile. Déantar monatóireacht oiriúnach ar thorthaí scrúdaithe caighdeanácha sa Bhéarla. Ar mhaithe le tionchar agus éifeacht na pleanála a mheas, ba chóir athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh go córasach ar cháilíocht ghnóthachtála na ndaltaí.

- Cuirtear ullmhúchán aonair ar fáil don teagasc idir scéimeanna fadtréimhseacha agus an phleanáil ghearrthréimhseach sna ranganna príomhshrutha agus soláthraítear ullmhúchán do chláir léinn aonair maidir leis an tacaíocht fhoghlaim chomh maith. Toisc an éagsúlacht chleachtais a breathnaíodh maidir le héifeacht na pleanála aonair, moltar comhsheasamhacht a chinntiú sa phleanáil ghearrthréimhseach. Is fiú aird a dhíriú ar shainchuspóirí foghlama agus tuilleadh béime a chur ar dhifrealú chun freastal ar riachtanaisí na ndaltaí aonair. Ar mhaithe le héifeacht na gcuntais mhíosúla a huasmhéadú, ní mór cothromaíocht idir an t-ábhar atá múinte agus na scileanna atá i seilbh na ndaltaí a chlárú agus an t-eolas seo a úsáid mar áis chun dul chun cinn na ndaltaí a thomhas.

Polasaí agus nósanna imeachta um chaomhnú daltaí

Thug údaráis na scoile fianaise go bhfuil, de réir Imlitir Bunscoile 0061/2006, glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Treoirlínte do Bhunscoileanna um Chaomhnú Daltaí.* Tugadh fianaise freisin gur díríodh aire na bainistíochta, na foirne scoile agus na dtuismitheoirí ar na nósanna imeachta seo um chaomhnú daltaí; gur soláthraíodh cóip de na nósanna imeachta do bhaill uile na foirne (na baill nua uile san áireamh); agus go bhfuil deimhin déanta de ag an mbainistíocht go dtuigeann an fhoireann ar fad na nósanna imeachta atá le leanúint. Tá duine ainmnithe idirchaidrimh agus ionadaí idirchaidrimh ceaptha faoi mar a éilíonn na treoirlínte.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tríd an scoil, tá raon maith dea-chleachtais le sonrú agus léiríonn na daltaí tuiscint mhaith ina gcuid foghlama. Tá foireann díograiseach, dáiríre, inniúil ag feidhmiú sa scoil. Déantar iarrachtaí fiúntacha réimsí leathan den churaclam a sholáthar tríd an scoil. Léirítear dea-struchtúr agus míniúcháin sna ceachtanna go léir agus cleachtar modheolaíochtaí torthúla i bhformhór na ranganna. Braitear atmaisféar dearfach oibre i ngach seomra ranga agus feictear dea-chomhoibriú idir na daltaí agus na hoidí. Ar an iomlán, léiríonn na daltaí tuiscint mhaith ar na hábhair a chlúdaíodh. Chonacthas roinnt modhanna éifeachtacha measúnaithe i suímh áirithe agus léirigh roinnt mhaith daltaí go dtugtar dea-chomhairle dóibh maidir le feabhas a chur ar a gcuid oibre. Chun caighdeán ghnóthachtáil na ndaltaí a uasmhéadú, níor mhiste anois straitéisí measúnaithe a fhorbairt i ngach réimse den churaclam agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn uile-scoile.

- Tá dea-chaighdeán ag baint le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge. Cuirtear béim oiriúnach ar ghníomhaíochtaí éisteachta neamhfhoirmiúla agus foirmiúla a chur i láthair agus léiríonn na daltaí tuiscint mhaith ar an ábhar. Moltar a chinntiú go mbíonn sprioc éisteachta foirmiúil tugtha do dhaltaí le linn gníomhaíochtaí scéalaíochta. I bhformhór na ranganna, déantar aithris ar chnuasach leathan dán agus amhrán Gaeilge go fonnmhar. Tá na daltaí cumasach ag tabhairt cuntais ó bhéal, ag déanamh cur síos, ag cumadh ceiste agus ag freagairt ceisteanna oiriúnacha. Daingnítear an t-ábhar, na struchtúir cainte agus an foclóir nua go cumasach i ranganna áirithe. Déantar freastal maith ar chlár ullmhúcháin don litearthacht a fhorbairt tríd an scoil. Baintear usáid chóir as scéimeanna éagsúla léitheoireachta agus is léir go léann formhór na ndaltaí le líofacht agus le tuiscint chuí. Moltar anois go mbainfí úsaid as *Proifílí Measúnachta don Ghaeilge*

sna Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna lán-Ghaeilge: Droim Chonrach chun meastóireacht fhoirmiúil rialta a dhéanamh ar ghnóthachtáil na ndaltaí. Is léir ó thascanna scríofa go sroichtear caighdeán oiriúnach amach sa saothar scríbhneoireachta. Tá tús curtha le forbairt chineálacha éagsúla téacs a scríobh ag rangleibhéil áirithe agus moltar an cleachtas seo a leathnú ar bhonn céimniúil tríd an scoil. Tá an polasaí Gaeilge oiriúnach do chomhthéacs na scoile. Tá cur síos cuimsitheach déanta ar an téarmaíocht Ghaeilge gur chóir a úsáid i gclós na scoile agus tá feidhmeanna teanga sonraithe do na ranganna go léir ar bhonn córasach. Ba chóir an cur chuige seo a leathnú chun forbhreathnú iomlán a sholáthar sa pholasaí Gaeilge ar spriocanna an chláir foghlama.

- Overall, the quality of teaching and learning in English is good. The teaching of oral language is guided primarily by the exploration of topics and themes and pupils in most classes recite a range of poems with interest. A majority of pupils express their views and opinions with confidence and competence. To ensure comprehensive development of all pupils' expressive language abilities, the breadth of primary curriculum objectives should be addressed in discrete oral language lessons at each class level. A broad range of approaches to promote pupils' reading skills, including the use of novels in a number of classes, is implemented purposefully. Most pupils demonstrate good standards of reading. In the main, pupils' handwriting skills are developed appropriately and some praiseworthy examples of their personal writing in a number of genres are in evidence. A structured whole-school approach to the progression of pupils' independent writing abilities across the breadth of writing genres should be implemented, including a process-writing approach to pupils drafting, editing and redrafting their work. In the school plan for English, oral language, reading and writing benchmarks have been formulated for each class group. These literacy profiles should be employed systematically throughout the school in the incremental development and assessment of the pupils' skills.

  Ar an iomlán, tá cáilíocht na múinteoireachta agus na foghlama sa Bhéarla ar chaighdeán maith. Treoraítear an obair ó bhéal go príomha trí thopaicí agus trí théamaí a phlé agus aithrisíonn na daltaí i bhformhór na ranganna raon dánta le suim. Éiríonn le formhór na ndaltaí a smaointe agus a dtuairimí a chur in iúl le múinín agus cumas. Chun scileanna labhartha gach dalta a fhorbairt go cuimsitheach, b'fhiú aird a dhíriú ar leithead cuspóirí de churaclam na bunscoile i gceachtanna scoite ó bhéal a fhorbairt ag gach rang leibhéal. Cuirtear raon leathan stráitéisí i bhfeidhm, ina n-áirítear úsáid úrscéalta i roinnt ranganna, chun scileanna léitheoireachta na ndaltaí a chur chun cinn. Gnóthaíonn an chuid is mó de na daltaí caighdeán maith sa léitheoireacht. Ar an iomlán, forbraítear scileanna peannaireachta na ndaltaí go cuí agus léirítear roinnt samplaí fiúntacha de scríbhneoireacht phearsanta na ndaltaí i gcineálacha éagsúla téacs. Moltar cur chuige struchtúrtha chun dul chun cinn scileanna neamhspleácha scríbhneoireachta na ndaltaí i réimse leathan seánraí a chur i bhfeidhm ar bhonn uile-scoile. B'fhiú do dhaltaí tuiscint a fháil ar phróiseas na scríbhneoireachta trí dhréachtú, eagarthóireacht agus athdhréachtú a dhéanamh ar a gcuid oibre. Sa phlean scoile don Bhéarla, tá tagarmharcanna socraithe do gach rang ghrúpa don obair ó bhéal, don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht. B'fhiú na próifílí liteartha seo a úsáid go sistéamach tríd an scoil chun forbairt agus measúnú céimniúil a dhéanamh ar scileanna na ndaltaí.

- I bhformhór na ranganna, tugtar faoi theagasc na Matamaitice go héifeachtach. Sna ranganna ab fhearr cleachtais a breathnaíodh, céimnítear na ceachtanna go soiléir, baintear dea-fheidhm as obair ghníomhach agus as áiseanna an ríomhaire, cuirtear teanga na matamaitice i láthair go seiftiúil, tugtar deiseanna do na daltaí ábhair nithiúla a ionramháil agus coimeádtar taifead rialta ar dhul chun cinn. Ar mhaithe le scileanna ard-mhacnaimh na ndaltaí a leathnú, b'fhiú anois aird sa bhreis a dhíriú ar fhorbairt na matamaitice intinne. Moltar, freisin, go gcruthófaí ionaid spéise agus timpeallacht mhatamaitice i ngach rangsheomra. Nuair a cheistíodh na daltaí faoi shnáitheanna éagsúla an chláir, ba léir go raibh greim maith acu ar na coincheapa cuí matamaitice. Ní thugtar faoi trialacha caighdeánaithe a riar sa Mhatamaitic faoi láthair. Tuairiscítear go

gcuirfear trialacha caighdeánaithe *Droim Chonrach* i bhfeidhm sa Mhatamaitic le linn na scoilbhliana reatha. Chabhródh sé seo le hinniúlacht na ndaltaí a thomhas de réir sainspriocanna matamaitice na scoile agus anailís a dhéanamh ar ghnóthachtáil daltaí i leith noirm náisiúnta na huimhearthachta. Tá polasaí cuimsitheach don Mhatamaitic léirithe sa cháipéisíocht phleanála. Sonraítear clár teagaisc céimniúil agus cláraítear sainspriocanna foghlama, ag rangleibhéil áirithe, atá le sroichint go sistéamach sna snáitheanna éagsúla. Tuairiscítear go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar chlárú na ngnéithe seo ag leibhéal na méanranganna agus na n-ardranganna.

- Sonraítear dea-chleachtais i dteagasc agus i bhfoghlaim na hEolaíochta. Bíonn na ceachtanna struchtúrtha go maith, ceistítear na daltaí go cúramach agus spreagtar a suim san ábhar. Uasmhéadaítear rannpháirtíocht na ndaltaí trí mhodhanna foghlama gníomhacha a chur i bhfeidhm go rialta. Úsáidtear trialacha praiticiúla agus turgnaimh go sciliúil chun cumas tuisceana, anailíse agus tuair na ndaltaí a fhorbairt. Ag na leibhéil éagsúla sa scoil, léiríonn na daltaí eolas agus tuiscint oiriúnach ar an ábhar atá clúdaithe acu. Is gá, áfach, teanga eolaíochta na ndaltaí a fhorbairt ar bhonn córasach, forchéimnithe ag na rangléibhéil éagsúla. Chuige seo, ba chóir cúram sa bhreis a thabhairt do theanga chognaíoch na hEolaíochta chun cabhrú leis na daltaí dul i ngleic leis an gclár. Glacann an scoil páirt bhuntáisteach sa chlár '*Discover Primary Science*' agus is inmholta go bhfuil an scoil páirteach i d*Tionscnamh na Scoileanna Glasa*. B'fhiú a chinntiú go dtugtar treoir chinnte maidir le leithead agus cothromaíocht an chláir tríd an scoil sa pholasaí Eolaíochta.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Aithnítear go ndéanfar athbhreithniú ar an bpolasaí i dtaobh riachtanais speisialta oideachais le linn na scoilbhliana reatha. San athbhreithniú seo, ní mór *Ciorclán 02/05* a chur i bhfeidhm go foirmiúil agus ina iomláine.

- Tugtar tacaíocht do dhaltaí i meascán suímh agus is inmholta go n-oibríonn na hoidí tacaíochta i gcomhpháirt leis na hoidí príomhshrutha ar leas na ndaltaí. I líon beag ranganna, úsáidtear gníomhachtaí foghlama difréalaithe sna ranganna príomhshrutha. Chun an tairbhe is fearr a bhaint as an obair chomhoibritheach, moltar tógáil ar an dea-chleachtas seo agus é a leathnú ar bhonn uile scoile. Moltar freisin plean tacaíochta inranga aonair a dhearadh sna ranganna príomhshrutha do dhaltaí atá ar an gcéad chéim den chontanam tacaíochta. Aithnítear go leasofaí cláir fhoghlama do dhaltaí aonair sa scoilbhliain reatha. Níor mhiste spriocanna teagaisc insroichte a rianú sna cláir fhoghlama go soiléir. Cé go gcoimeádtar taifead ginearálta ar ghnóthachtáil dalta aonair, b'fhiú anois an dul chun chinn a dhéanann na daltaí de réir a gcuid spriocanna foghlama aitheanta a chlárú go cruinn.

- Léirítear cuid mhaith dea-chleachtais do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá béim chuí ar ghníomhaíochtaí luath-idirghabhála. Cuirtear modhanna éagsúla múinte i bhfeidhm chun scileanna litearthachta, matamaitice agus sóisialta na ndaltaí a fhorbairt. Tugtar dea-chúram d'fhorbairt scileanna agus stráitéisí léitheoireachta, litrithe agus uimhris na ndaltaí. Ardaítear meanma agus féin-mhuinín na ndaltaí dá réir. Stiúrtar obair na gcúntóirí riachtanas speisialta go cumasach.

Foilsithe Meitheamh 2011